

CÚLRA

Tá sé mar chuspóir ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Tá an tír seo i gceartlár tréimhse an-athraitheach i dtéarmaí sóisialta agus eacnamaíochta agus tá athchóiriú agus athstruchtúrú nach beag déanta ar na seirbhísí sláinte le blianta beaga anuas.

Tá béim leagtha go minic ag cáipéisí polasaí ar an tábhacht atá le cothromas agus rochtain, go háirithe dóibh siúd atá faoin míbhuntáiste is mó, agus an gá atá le modhanna cúraim atá dírithe ar chliaint agus a thugann cumhacht dóibh a chur chun cinn. Mar dhlúthchuid den chúis a bhfuil rath ar an bpróiseas athraithe i gcúram sláinte in Éirinn tá an ról ag othair nó tomhaltóirí i gcúrsaí a bhaineann le cúram sláinte agus an tionchar acu ar athruithe agus d'aithin plean corparáideach FSS 2005–2008 mar a chéad cheann de cheithre chuspóir chorparáideacha, feabhas a chur ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta agus na torthaí a bhíonn orthu. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi shuirbhé sástachta tomhaltóirí náisiúnta chun tuiscint a fháil ar thuairimí agus ar dhearcadh an phobail i gcoitinne ar an tslí ina seachtar seirbhísí cúraim shláinte, chomh maith le dul i gcomhairle leo siúd a úsáideann seirbhísí maidir lena dtaithí phearsanta ar na seirbhísí sin.

Gné tábhachtach a theastaíonn chun an cuspóir seo a shroicheadh ná eolas iontaofa agus ionadaíoch ar bhonn náisiúnta ionas gur féidir pleanáil don todhchaí go héifeachtach agus faire chun a chinntiú go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí atá luaite á sroicheadh mar is ceart. Dá réir sin rinne FSS coimisiúnú ar an Scoil um Shláinte Phoiblí agus Eolaíocht Daonra i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Lansdowne Market Research chun tabhairt faoi shuirbhé náisiúnta a dhéanfaidh tomhas den chéad uair ar léargais agus ar taithí phearsanta na dtomhaltóirí ar gach gné den chóras cúraim shláinte, ar láithreacha ospidéal agus freisin i gcúram príomhúil, pobail agus leanúnach (PCCC).

Tá tuiscint mhaith anois ann sa litríocht idirnáisiúnta gur choincheap caolchúiseach agus ilghnéitheach é sástacht duine le seirbhís, a léiríonn an suíomh sóisialta ag an duine áirithe sin chomh maith leis an taithí a bhíonn acu ar an tseirbhís féin. Chuige sin, ba chóir iarraidh ar dhaoine ní hamháin cén rátaíl a thabharfaidís go ginearálta ach a insint ar cuireadh próisis áirithe i gcrích chun a sástachta le linn cuairte ar leith. Sa chaoi sin, tá an méid a tharla chomh tábhachtach leis an measúnú ar an méid a tharla agus is é seo an rud atá le taifeadadh.

Contents

Brollach	2	Torthaí	5
Cúlra	3	Léamh na nÚdar ar thátail	9
Modheolaíocht	4	Buíochas	11

MODHEOLAÍOCHT

Ta an suirbhé seo bunaithe ar chuóta sampla ionadaíoch náisiúnta de dhaoine fásta Éireannacha, le cothromaíocht idir na ceithre limistéir ag FSS agus é méadaithe chun breis freagróirí atá os cionn 50 bliain a chur san áireamh toisc gurb iad siúd is minicí úsáideann na seirbhísí i gcoitinne. Sa sampla iomlán a fuarthas bhí 3,517 freagróir. Cuireadh tús leis an obair allamuigh ar an 13 Samhain 2006 agus lean sé go dtí an 9 Márta 2007.

Reachtáladh agallaimh phearsanta, i dtithe cónaithe na bhfreagróirí, a ghlac tuairim is 25 nóiméad ar an meán. Agus an uirlis ceistneora á hullmhú le haghaidh an tsuirbhé seo bhreathnaíomar ar na cleachtais is fearr a bhí foilsithe agus tugadh faoi phróiseas comhairleach le páirtithe leasmhara freisin.

Sa cheistneoir críochnaithe bhí eolas maidir le cúinsí socheacnamaíocha, tomhais ar shláinte agus folláine féin-rátáilte agus stair úsáidte seirbhísí sláinte le 12 mí anuas. Rinneadh measúnú freisin ar thuiscint ar sheirbhísí sláinte agus an dearcadh maidir leo.

Rinneadh agallamh grinn le freagróirí ar a dtaithí ar sheirbhís amháin ar a laghad agus iad mar othar in ospidéal, nó mar othar seachtrach, nó le dochtúir ginearálta nó le seirbhís phobail ar bith eile a raibh úsáid bainte acu as sa tréimhse 12 mí roimh an suirbhé.

San áireamh san anailís don tuairisc bhí cur i láthair bunúsach tuairisciúil ar shonraí ualaithe le haghaidh aoise, trialacha i gcomhair suntasachta ag cur freagróirí GMS (i dteideal Seirbhísí Ginearálta Míochaine) agus nach GMS iad i gcomparáid agus freagraí uathu siúd a bhí 50 bliain agus níos lú ('Faoi 50') agus os cionn 50 bliain ('Thar 50'). Ullmhaíodh samhlacha éagsúla chun próifiliú a dhéanamh ar phátrúin úsáide agus fáistíneoirí sástachta le seirbhísí othair seachtracha go háirithe.

OGHT NGNÉ SÁSTACHTA ÚSÁIDE CHUN CEISTNEOIR A ULLMHÚ

- 1

Fáil thapa ar sheirbhísí iontaofa
- 2

Seachadadh cóireála éifeachtach á dhéanamh ag duine gairmiúil iontaofa
- 3

Rannpháirtíocht i nglacadh cinntí agus meas léirithe ar roghanna
- 4

Eolas agus tacaíocht shoiléir agus chuimsitheach le haghaidh féinchúraim
- 5

Déileáil go maith le riachtanais fhisiceacha agus timpeallachta
- 6

Tacaíocht, comhthuiscint agus meas mothúchánach
- 7

Rannpháirtíocht agus tacaíocht do churamóirí teaghlaigh
- 8

Leanúnachas i gcúram le hathraithe míne.

TORTHAÍ


PRÓIFÍL DHÉIMEAGRAFACH DEN SAMPLA

- Σ 52% ina mná agus 48% ina bhfir.
- 13% i gcatagóir shóisialta an Scála Taighde Margaídh AB, 31% i C1, 26% i C2, 16% i D, 8% in E agus 7% ina bhfeirmeoirí.
- Bhí seans níos fearr nach raibh ach oideachas Bunscoile acu siúd a bhí os cionn 50 bliain (27% i gcomparáid le 3%) agus seans níos lú go raibh oideachas tríú leibhéal acu (9% i gcomparáid le 19%).
- Bhí formhór na bhfreagróirí pósta (52%).


PÁTRÚIN ÚSÁIDE

- Le bliain anuas bhí 64% de fhreagróirí tar éis comhairle dochtúra teaghlaigh a lorg, bhí taithí éigin ag 30% ar ospidéal, bhí taithí phobail ag 21% agus tuairiscíodh 27% a bheith ina neamhúsáideoirí ar sheirbhís ar bith.
- Bhain an pátrún seo go mór le haois, le rátaí úsáide dochtúra teaghlaigh ag ardú ó 59% díobh siúd faoi bhun 50 bliain go 75% díobh siúd os cionn 50, taithí úsáide ospidéil ag ardú ó 27% go 39%, agus úsáideoirí seirbhísí pobail eile ag ardú ó 19% go 25%.
- Tharla an forluí úsáide is mó idir an dochtúir teaghlaigh agus seirbhísí eile, bhí an forluí idir ospidéil agus an pobal an-íseal ag 1% agus dúirt díreach 2% de fhreagróirí nár úsáid siad ach seirbhísí pobail amháin.
- Fir, a bhí níos óige, le sláinte níos fearr de réir a dtuairisce féin agus le leibhéal oideachais níos airde den chuid is mó a bhí mar neamhúsáideoirí ar sheirbhísí sláinte le bliain anuas.
- Ar an taobh eile, ba iad siúd le cártaí GMS, daoine ar scor, nó iad siúd le breoiteacht nó míchumas buan ba mhinice a d'úsáid seirbhísí.
- Ní raibh suntas mór leis an bhfad a bhí daoine ó Dhochtúir Teaghlaigh nó ospidéal nó an raibh fáil acu ar ghluasteán nuair a bhain sé le húsáid seirbhísí sláinte agus sóisialta.

FÍOR 1
Úsáid seirbhíse do shampla náisiúnta méadaithe – freagróirí faoi aois 50 bliain (n=2,102)



FÍOR 2
Úsáid seirbhíse do shampla náisiúnta méadaithe – freagróirí os cionn 50 bliain (n=1,415)




STÁDAS SLÁINTE AN BHFREAGRÓIRÍ

- Bhí na tomhais féintuairiscithe sláinte dearfach ar an iomlán i measc na bhfreagróirí, ach léirigh siad pátrún láidir aoise, le cur i gcás 33% díobh siúd faoi 50 bliain ag tuairisciú sláinte den scoth, i gcomparáid le 13% díobh siúd os cionn 50.
- Bhí ceangal freisin ag stádas GMS leis na tomhais sláinte féintuairiscithe, agus dá réir sin rátáil 8% díobh siúd os cionn 50 bliain a bhí i dteideal cárta GMS a sláinte féin a bheith ar fheabhas, i gcomparáid le 19% díobh siúd nach raibh i dteideal GMS.


FÍOR 3

Rátáil na bhfreagróirí ar a sláinte ghinearálta – sampla náisiúnta méadaithe (n=3,517).




FÍOR 4

Stádas sláinte féintuairiscithe de réir aoise i measc freagróirí i dteideal GMS (n=1,293).



FÍOR 5

Stádas sláinte féintuairiscithe de réir aoise i measc freagróirí nach bhfuil i dteideal GMS (n=2,224).



EOLAS, DEARCTHAÍ AGUS TUAIRIMÍ MAIDIR LEIS NA SEIRBHÍSÍ SLÁINTE


- Dúirt 82% d'fhreagróirí gurb é an Dochtúir Teaghlaigh an fhoinse eolais ba thábhachtaí.
- An chéad fhoinse eile ba thábhachtaí ba ea an chlann agus cairde (28%), ina dhiaidh sin an t-idirlíon (18%) agus foinsí sna meáin (18%).
- Níor luadh foinsí oifigiúla na seirbhísí sláinte go minic, agus níor úsáid ach díreach 1% líne chabhrach FSS.
- Bhí pátrún aoise le haireachtáil sa mhéid is gur luaigh 22% díobh siúd faoi bhun 50 bliain an t-idirlíon mar fhoinse eolais i gcomparáid le 8% díobh siúd os cionn 50.
- Cé gur thuig formhór na bhfreagróirí céard a bhí sa FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) (66%), níor thuigh 81% cad ba bhrí leis na litreacha PCCC (Cúram Príomhúil, Leanúnach agus Pobail).
- Bhí formhór na bhfreagróirí i bhfabhar seirbhísí ag leibhéal an chontae a bheith ar fáil; cheap 96% gur chóir go mbeadh rannóga éigeandála i ngach contae agus 84% gur chóir go mbeadh ospidéal géarmhíochaine i ngach contae.
- Bhí tromlach (76%) ar son cóireála i seirbhís speisialtóra nó cuimsithe dá mba ghá, fiú dá gciallódh sé sin go ndéanfaí cuimsiú ar sheirbhís i líon níos lú ionad.
- Mar sin féin, dúirt formhór na bhfreagróirí (70%) go raibh rochtain éasca ar sheirbhísí dá leithéid seo an-tábhachtach dóibh.

CAITHEAMH TOBAC AGUS COSC 2004

- D'aontaigh formhór mór na bhfreagróirí (89%) go láidir le cur i bhfeidhm an choisc ar chaitheamh tobac san ionad oibre i mí Márta 2004.
- Gheobhadh cur i bhfeidhm ar chosc iomlán ar thobac ar láthair gach ionaid chúraim shláinte, le tailte lasmuigh san áireamh, tacaíocht ó 59% d'fhreagróirí.
- Ach, níor thit líon iomlán na gcaiteoirí tobac atá ag 29% ó tugadh an cosc iomlán isteach.

FÍOR 6

Tuairimí na bhfreagróirí ar chur i bhfeidhm choisc iomlán ar thobac ar láthair gach áise cúraim shláinte in Éirinn, tailte lasmuigh san áireamh – sampla chuóta náisiúnta (n=3,032)



TAITHÍ AR SHEIRBHÍSÍ


Rinneadh 2,758 agallamh maidir le taithí ar sheirbhísí, agus bhain an chuid eile de na hagallaimh le neamh-úsáideoirí. An taithí ba mhinice go ndearnadh taifeadadh air ba ea seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh (n=1,732, 63% de na hagallaimh le húsáideoirí), ina dhiaidh sin othair sheachtracha (n=470, 17% de na hagallaimh le húsáideoirí), othair ospidéal le cásanna lae san áireamh (n=344, 13% de na hagallaimh le húsáideoirí) agus an cineál ba lú minicíochta ná seirbhísí sláinte pobail (n=212, 8% de na hagallaimh le húsáideoirí).

FÁIL GO TAPA AR SHEIRBHÍSÍ IONTAOFÁ

- I dtaca le ham feithimh ag freagróirí ar othair ospidéal iad ón uair ar insíodh dóibh ar dtús go mbeadh orthu dul isteach san ospidéal, glacadh láithreach le 76% díobh, níos lú ná mí amháin do 11% eile, suas le trí mhí do 4%, suas le sé mhí do 1% agus sé mhí nó níos mó do 4% d'othair.
- Ní raibh difríocht ar bith idir am glactha le hothair de réir stádais GMS (75% GMS i gcomparáid le 76% neamh-GMS).
- Orthu siúd le taithí mar othair sheachtracha le déanaí, chonacthas 23% díobh in am, chonacthas 44% laistigh de 30 nóiméad, ach d'fhan 18% níos mó ná uair an chloig agus 7% ar feadh 2 uair an chloig.
- Maidir le seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh, chonacthas 31% gan coinne a bheith déanta acu, socraíodh coinne do 38% ar an lá céanna agus b'éigean do 3% feitheamh breis is dhá lá oibre chun coinne a fháil.

FÍOR 7

Méid ama ag feitheamh d'othair ospidéal seachas cásanna lae ón uair ar insíodh dóibh ar dtús go mbeadh orthu dul isteach san ospidéal ag dul de réir aoise (n=202)



TAITHÍ A FUARTHAS AG PLÉ LE LUCHT GAIRMIÚIL SLÁINTE

Bhí an rátáil an-dearfach ar fad ag daoine i gcoitinne agus iad ag plé le gach gné a bhaineann le lucht gairmiúil sláinte.


- Dúirt formhór, 78% d’othair ospidéal, 67% d’othair sheachtracha, 86% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh agus 78% d’othair ag seirbhísí pobail go raibh an-mhuinín nó muinín iomlán acu as an duine gairmiúil sláinte a bhí ag plé leo.
- Mhottaigh formhór na bhfreagróirí, 70% d’othair ospidéal agus 57% d’othair sheachtracha go raibh an t-eolas go léir a bhí de dhíth ag an duine gairmiúil sláinte an chéad uair ar chas siad leo.
- Mhottaigh 80% d’othair ospidéal, 79% d’othair sheachtracha agus 86% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh gur tugadh díreach an méid ceart eolais dóibh a bheag nó a mhór.
- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí go hiomlán, 67% d’othair ospidéal, 52% d’othair sheachtracha agus 72% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh go raibh siad rannpháirteach i nglacadh cinntí maidir lena gcás agus an chóireáil air.
- Ar an iomlán, mhottaigh 83% d’othair ospidéal, 79% d’othair sheachtracha, 90% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh agus 77% a bhí ag baint fóir as seirbhísí pobail gur caitheadh leo le dínit agus meas i gcónaí.

RIACHTANAIS FHSICEACHA AGUS TIMPEALLACHTA

- Mheas formhór, 63% d’othair ospidéal go raibh an caighdeán glaineachta agus an líon leithris phoiblí in ospidéal go maith nó an-mhaith. Bhí na daoine sin os cionn 50 bliain, áfach, níos sásta ná freagróirí níos óige.
- Ar an iomlán, mheas 78% go raibh áiseanna barda ar chaighdeán glan i gcoitinne.
- Shíl 83% d’othair sheachtracha go raibh an rannóg seo an-ghlan nó glan go leor.
- I measc othair Dhochtúra Teaghlaigh, mheas 72% go raibh an lialann an-ghlan agus 24% breise go raibh sé glan go leor.

FÍOR 8

Rátáil ag othair ospidéal maidir le leithris phoiblí in ospidéal a bheith dóthanach agus glan (n=344)



RÁTÁIL IOMLÁN AR CHAIGHDEÁN CÚRAIM

Bhí an rátáil ar chaighdeán cúraim dearfach ar an iomlán sna ceithre shuíomh seirbhíse go léir:

- Thug 64% d’othair ospidéal, 58% d’othair sheachtracha, 84% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh agus 76% i seirbhísí pobail eile rátáil den chéad scoth nó an-mhaith ar fad don taithí a bhí acu ar sheirbhísí.
- Thug 26% breise d’othair ospidéal, 27% d’othair sheachtracha, 13% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh agus 13% d’othair i seirbhísí pobail eile rátáil maith do sheirbhísí.
- Ní dúirt ach 9% d’othair ospidéal, 13% d’othair sheachtracha, 3% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh agus 11% d’othair i seirbhísí pobail eile go dtabharfaidís rátáil measartha nó olc maidir lena dtaithí.
- Mholfadh formhór, 83% d’othair ospidéal, 73% d’othair sheachtracha, 90% d’othair Dhochtúra Teaghlaigh an tseirbhís do dhaoine eile.
- D’othair sheachtracha, bhí tionchar ag am feithimh níos mó ná 15 nóiméad agus an mothú nach raibh gach socrú déanta chun cúram a leanúint ar aghaidh ar an leibhéal iomlán sástachta

LÉAMH NA NÚDAR AR THÁTAIL

Is é seo an chéad suirbhé ionadaíoch ar mhórsála riamh maidir le sástacht tomhaltóirí ar thug FSS faoi. Murab ionann agus suirbhéanna eile ar scála níos lú, níl sé dírithe ar ghrúpa cliant nó suíomh ar leith, ach tá sé mar aidhm aige déileáil le gach mór-réimse cúraim shláinte agus shóisialta agus tugann sé, den chéad uair, léargas daingean ar phatrúin úsáide agus taithí úrnua dhíreach ar sheirbhís ar leith.

Agallamh 25 nóiméad sa teach cónaithe a bhí sa suirbhé agus sa chaoi sin thug sé deis don fhreagróir a thuiscint, a dheardh agus a thaithí féin a léiriú chomh maith leis na gnáththomhais sástachta.

Is féidir leis an eolas ón suirbhé seo deiseanna foghlama a thabhairt a chuideoidh leis FSS agus freagraí a bpleanáil acu i réimsí atá tábhachtach dar leis na húsáideoirí agus dul i bhfeidhm nó múnla a dhéanamh ar Chlár Athraithe FSS.

GNÉITHE NA SÁSTACHTA

Go ginearálta tá formhór na bhfreagróirí an-sásta leis na seirbhísí cúraim sláinte agus ardmhuinín acu as an lucht sláinte gairmiúil. D’eascair gnéithe dearfacha as na torthaí seo i gcomhair an tsoláthair ar sheirbhísí sláinte agus do FSS; glacadh isteach formhór na n-othar go tráthúil; is beag fianaise atá ann go bhfuil éagsúlacht sa taithí ag lucht GMS/neamh GMS de réir thuairiscí na bhfreagróirí sa suirbhé seo; tá ardleibhéal iontaoibhe agus muiníne ag freagróirí as an gcúram a fhaightear in ospidéal agus i suíomh phobail; tuigtear don phobal go bhfuil leibhéal maith sláinteachais i suíomh chúraim shláinte, cé go bhfuil tionchar aoise le feiceáil anseo, a thugann le fios nach bhfuil daoine níos óige chomh sásta céanna glacadh le drochshláinteachas.

Ar an iomlán bhí an rátáil a fuair na caighdeáin cúraim sásúil go maith. Bhí difríochtaí le feiceáil sa rátáil sástachta ag brath ar shuíomh. Fuair suíomh an Dochtúra Teaghlaigh an rátáil b’airde. Laistigh den suíomh míochaine bhíodar siúd ag a

raibh taithí sa rannóg éigeandála níos míshásta ná othair sheachtracha. Nuair atá míshástacht ann, go háirithe i suíomh atá chomh feiceálach leis an rannóg éigeandála nó le hothair sheachtracha, tá cúiseanna soiléire ann a bhaineann le gnéithe sástachta atá seanbhunaithe. Bhí sástacht níos ísle freisin sa chás nár comhlíonadh na gnéithe sástachta sin ar fad. Tá diantaghde breise ar bun chun na gnéithe sástachta sin a mheas sna suíomh eile freisin agus cuirfear iad seo i láthair sa tuarascáil dheireanach.

PÁTRÚIN ÚSÁIDE

Cuireann an tuarascáil seo faisnéis ar fáil do FSS, den chéad uair ag an leibhéal náisiúnta, ar na rátaí úsáide do na réimsí éagsúla úsáide seirbhíse i measc daonra na tíre. Feictear go bhfuil trian den daonra tar éis teagmháil éigin a bheith acu leis an gcóras ospidéal le 12 mí anuas; bhí teagmháil ag beagnach dhá thrian lena nDochtúir Teaghlaigh; agus deir an cúigiú cuid go raibh teagmháil acu le seirbhísí pobail seachas an Dochtúir Teaghlaigh.

Ní féidir le suirbhé a ghlactar in aon aga amháin eolas a thabhairt maidir le treo na gluaiseachta idir seirbhísí – ní léir cár cuireadh tús le teagmháil nó cén bealach inar ghluais daoine ina dhiaidh sin – ach taispeánann an suirbhé seo gurb é an Dochtúir Teaghlaigh an pointe teagmhála is gnóthaí agus gur úsáid tuairim is a leath díobh siúd a chonaic an Dochtúir Teaghlaigh seirbhísí in ospidéal freisin. Tá sé dearbhaithe gurb é an Dochtúir Teaghlaigh an pointe teagmhála is minice a mbíonn teagmháil ag daoine leis agus an idirghníomhaíocht is mó aige le seirbhísí eile agus gurb í seo an tseirbhís a fhaigheann an rátáil is airde. Tá líon na ndaoine a d’úsáid seirbhísí ospidéal agus pobail gan aon bhaint a bheith acu le Dochtúir Teaghlaigh i bhfad níos ísle, tuairim 1%. Sa sampla seo, dúirt 2% gur seirbhísí pobail amháin a bhí úsáidte acu.

Taispeánann an anailís orthu siúd a deir nár úsáid siad seirbhís sláinte ar bith le bliain anuas gur mó fear ná bean in Éirinn nach n-úsáidfídh seirbhísí sláinte agus ardaíonn rataí úsáide go mór le haois

Tacaíonn an patrún úsáide seo, a léiríonn ráta úsáide ard as seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh, agus tacaíonn freisin go ndeir formhór na bhfreagróirí go bhfuair siad a gcuid eolais maidir le sláinte óna nDochtúir Teaghlaigh, leis an ról lárnach atá ag cúram príomhúil i gcur chun cinn, soláthar agus coinneáil na sláinte. Tagann an tús áite seo a thugtar don chúram príomhúil chun riachtanais shláinte an phobail a chomhlíonadh le Clár Athraithe FSS agus an Straitéis Cúraim Phríomhúil agus tacaíonn tátail an tsuirbhé leis an straitéis seo.

Taispeánann an anailís orthu siúd a deir nár úsáid siad seirbhís sláinte ar bith le bliain anuas gur mó fear ná bean in Éirinn is dóichí nach mbainfidh úsáid as seirbhísí sláinte agus ardaíonn rataí úsáide go mór le haois. Is dóichí go mbeidh daoine a deir go bhfuil a sláinte ar fheabhas i suíomh sóisialta níos airde agus nach n-úsáidfídh siad seirbhísí chomh minic céanna. Úsáideann daoine atá i dteideal Seirbhísí Míochaine Ginearálta (GMS) an tseirbhís níos minice agus is dóichí go ndéarfadh siad go bhfuil a sláinte go holc. Tacaíonn na tátail seo leis an bhfianaise idirnáisiúnta atá ann ar an gcomhghaol idir cúinsí sóisialta, eacnamaíochta agus inscne agus an tsláinte agus cuireann siad i gcuimhne dúinn go bhfuil gá seirbhísí agus feachtais a chur ar bun a léiríonn na riachtanais agus pátrúin úsáide ag grúpaí ar leith.

EOLAS, DEARCTHAÍ AGUS TUAIRIMÍ

Tugann an t-eolas ón tsuirbhé le fios nach bhfuil cur amach ag an bpobal go fóill ar Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (PCCC), struchtúr eagraíochtúil FSS a bhainistíonn seirbhísí sláinte agus sóisialta lasmuigh de na hospidéal géarmhíochaine, agus nach cuireann siad seirbhísí a sholáthraítear lasmuigh den suíomh géarmhíochaine, seachas seirbhís an Dochtúra Teaghlaigh, san áireamh mar ghné lárnach den mhórsoláthar cúraim shláinte. Tá moltaí ag FSS chun riachtanais sláinte áitiúla a chomhlíonadh le meascán de chothú sláinte feabhsaithe agus beartais shláinte phoiblí, aonaid miontrána, foirne cúraim phríomhúil, cúram baile, áiseanna íoschéimnithe agus athinmheacháin.

Tacóidh siad seo leis an obair ag ionaid sármhaitheasa don chóireáil agus don bhainistiú ar chásanna ina bhfuil gá le seal in ospidéal géarmhíochaine.

Dúirt formhór mór na bhfreagróirí go gcreideann siad gur chóir go gcuirfí seirbhísí ospidéal géarmhíochaine ar fáil i ngach contae. Mar sin féin, dúirt seachtar as gach deichniúr freagróir gurbh fhearr leo cóireáil a fháil in ionad míochaine speisialta nó cuimsithe nuair atá fianaise ann go mbeidh toradh níos fearr air seo dóibh. Ar aon chuma, tá éascaíocht rochtana an-tábhachtach i gcónaí don chuid is mó de na freagróirí.

Léiríonn na tátail seo an riachtanas atá ann cumarsáid a chur ar aghaidh agus a mhúnlú le pobail bunaithe ar phleananna FSS a riachtanais sláinte a chomhlíonadh trí sholáthar seirbhísí neamh-míochaine a fheabhsú maille le seirbhísí géarmhíochaine agus speisialtóir a sholáthar. Ní mór íomhá phoiblí na seirbhíse nua a dhéanamh níos feiceálaí don phobal i gcoitinne.

CAITHEAMH TOBAC: COTHÚ AGUS POLASAÍ SLÁINTE

Tá tionscnaimh polasaí ann, cosúil leis an gcosc ar thobac, go bhfeadfadh tionchar a bheith acu ar an stádas sláinte iomlán agus ar úsáid seirbhíse ach nach bhfeicfeadh an pobal ceangal díreach idir iad agus taithí dhíreach ar sheirbhísí sláinte. Ní gá go mbeadh an ceangal díreach seo idir polasaí sláinte poiblí agus úsáid seirbhísí sláinte le feiceáil ag an bpobal, ach tá gá le tacaíocht ón bpobal chun tosaíocht a thabhairt do pholasaí sláinte laistigh den phleanáil iomlán sláinte.

I measc an ghrúpa tsuirbhé seo, thacaigh formhór mór díobh leis an gcosc ar thobac agus thug tromlach níos lú le fios go dtacóidís le cosc iomlán ar thobac ar láithreacha ospidéal. Aidhm an choisc ná daoine a chosaint ar chaitheamh fulangach tobac sa láthair oibre agus thaispeáin staidéir eile go bhfuil ag éirí leis an aidhm seo a bhaint amach. Léiríonn an tsuirbhé seo, ámh, cé go bhfuil meon na ndaoine athraithe, tá caitheamh tobac chomh forleathan agus a bhí sular tháinig an cosc i bhfeidhm agus ní dhealraíonn go bhfuil fóir cheart á bhaint ag caiteoirí tobac as tacaí amhail líne chabhrach séanta tobac. Caithfidh soláthraithe seirbhíse é seo a chur san áireamh.

Mar chríoch, fágann tátail an tsuirbhé seo FSS ar bhonn dearfach don todhchaí láithreach agus fadtéarmach.